**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2016*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 8 Meitheamh 2016
Tráthnóna, 2:00 p.m. go 4:00 p.m.

| *Don Fheitheoir amháin* |
|---|
| Stampa an Ionaid |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: 

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3, agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| *Don Scrúdaitheoir amháin* | | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | | | **Roinn A** | | |
| 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | | | **Roinn B** | | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | | | **Roinn C** | C1 | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | | | | C2 | |
| 5. An marc iomlán, má bronnadh bónas don Ghaeilge (3 móide 4). | | | | C3 | |
| 6. Creidiúint. | | | | C4 | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Iomlán** . | | | **IOMLÁN** | | |

# *Roinn A* – Triail Éisteachta (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar am duit na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.
- An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar am duit na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.
- An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ansin, ba chóir duit ceist 10, a léifear ar an taifeadadh, a fhreagairt.

| ***Féadfaidh tú an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.**

**1.** (a) Cén fáth ar tugadh oideas do bheinsidhé-asaipín don chainteoir? (1 mharc)

___

(b) Luaigh **dhá** shlí inar chuidigh na táibléid beinsidhé-asaipín leí. (2 mharc)

1.___

2.___

**2.** (a) Nuair a bhí an dara hoideas caite aici conas a fuair an cainteoir na táibléid? (2 mharc)

1.___

2.___

(b) Cén fáth a raibh '*dáileoga a bhí beagnach marfach*' de na táibléid beinsidhé-asaipín á dtógáil aici? (1 mharc)

___

**3.** (a) Cén fhadhb a bhain leis na hionaid chóireála chónaithe a ndearna sé taighde orthu? (2 mharc)

___

___

(b) Cén fáth ar roghnaigh an cainteoir an clinic príobháideach áirithe? (1 mharc)

___

___

(c) Conas a mhol an clinic go mbainfí den druga í? (1 mharc)

___

**4.** (a) Ní raibh ar an gcainteoir insint dá fostóirí ná dá comhghleacaithe faoina fadhb andúile. Conas a tharla sé sin? (2 mharc)

1.___

2.___

(b) Cén fáth a raibh uirthi é a insint dá teaghlach? (1 mharc)

___

**5.** Cad a chreideann an cainteoir a chabhraigh leí dul chun cinn a dhéanamh? (2 mharc)

___

___

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.**

**6.** (a) Cad é an gnáthainm ar bheinsidhé-asaipíní? (1 mharc)

(b) Luaigh **dhá** chúis a ndéantar amach oidis do bheinsidhé-asaipíní. (2 mharc)

1. __________

2. __________

**7.** (a) Cuir síos ar **dhá** bhealach ina gcuireann andúil i mbeinsidhé-asaipín isteach ar dhuine. (2 mharc)

1. __________

2. __________

(b) Cén fáth a mbíonn ar úsáideoirí níos mó táibléad a ghlacadh leis an sásamh céanna a fháil? (1 mharc)

**8.** (a) Luaigh **dhá** shiomptóm de bheith ag éirí as an druga. (2 mharc)

1. __________

2. __________

(b) Na daoine a dhíolann na drugaí seo go neamhdhleathach, cá bhfaigheann siad iad? (2 mharc)

(c) Cén fáth a bhfuil baol níos mó ann ródháileog a thógáil trí thimpiste agus drugaí á dtógáil a ceannaíodh ar an idirlíon? (2 mharc)

**9.** (a) Cén t-ábhar buartha, faoi bhformhór na gcásanna ina bfhaigheann daoine bás de bharr nimhiú ó dhrugaí in Éireann, a labhraíonn an cainteoir faoi? (1 mharc)

(b) Luaigh **dhá** chúis a gcreideann daoine go bhfuil drugaí ar oideas níos sábháilte ná drugaí neamhdhleathacha. (2 mharc)

1. __________

2. __________

(c) Cad atá lárnach maidir le mí-úsáid drugaí ar oideas a sheachaint, dar leis an gcainteoir? (1 mharc)

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair ceist 10 a léifear ar an taifeadadh. Féadfaidh tú do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Féadfaidh tú an spás seo a úsáid chun an cheist a bhreacadh síos.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Scríobh do fhreagra sa spás thíos, le do thoil.

Grúpa 1: ______________________________________

Mínigh: ______________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Grúpa 2: ______________________________________

Mínigh: ______________________________________

______________________________________________

______________________________________________

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca taobh leis an bhfreagra ceart ar gach ceist.

**1.** Lainseáladh Eircode in Éirinn i mí Iúil 2015.

EIRCODE

Is cód é a úsáidtear do chóras loingseoireachta satailíte ☐

Is bunachar sonraí é de chóid diailiúcháin na gceantar uile ☐

Is córas postchóid é do gach seoladh in Éirinn ☐

**2.** Is é an bealach is éifeachtaí le spina bifida a sheachaint ná ceann de na forlíonta seo a leanas a ghlacadh roimh thoircheas agus lena linn. Cé acu ceann?

Aigéad fólach ☐

Aimínaigéad ☐

Vitimín K ☐



**3.** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar foinse fuinnimh in-athnuaite í?







Ola ☐ Grianfhuinneamh ☐ Gás ☐

**4.** Liosta vótálaithe i gceantar is ea Clár na dToghthóirí. Lasmuigh de *checktheregister.ie* is féidir le duine clár na dtoghthóirí a scrúdú

I Stáisiún na nGardaí ☐

In Ionad Eolais do Shaoránaigh ☐


I Leabharlann Phoiblí ☐




**5.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá cothrom le haonad amháin alcóil?



Pionta leann úll ☐



Gloine mhór fíona ☐



Tomhas teach tábhairne de bhiotáille ☐

**6.** An tsuim airgid a ghearrann bróicéir nó comhlacht árachais le cumhdach árachais a chur ar fáil, is é a thugtar uirthi ná

Polasaí ☐

Préimh ☐

Slánaíocht ☐



**7.** I nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine tá

28 Alt ☐

30 Alt ☐


33 Alt ☐




**8.** Cuirtear síos ar an bhfrithghiniúint mar mhodhanna saorga nó teicnící eile a úsáid d'aon ghnó le toircheas a sheachaint. Cé acu ceann díobh seo a thíos is modh bacainneach frithghiniúna ann?







Coiscíní ☐

Piollaire frithghiniúnach ☐

Ionchlannán frithghiniúnach ☐

**9.** Is é a ghlaoitear ar dhaoine a bhfuil cuntas acu i gComhar Creidmheasa



Taisceoirí ☐

Scairshealbhóirí ☐

Baill ☐

**10.** Bhí an t-olltoghchán is déanaí ar siúl in Éirinn in 2016. De réir an Achta Toghcháin (1992) beidh sé in am don chéad olltoghchán eile in


2020 ☐

2021 ☐

2022 ☐



**11.** Agus léarscáileanna á léamh is é is scála ann




Sceitse de cheantar ina ndéantar na príomhghnéithe a aibhsiú ☐

Liosta siombailí a sheasann do ghnéithe ar an talamh ☐

Treoir leis an fhad idir áiteanna ar léarscáil a oibriú amach ☐

**12.** Is iad na foinsí móra carbaihiodráití ná gránaigh, piseánaigh, prátaí, rís agus pasta. Bíonn carbaihiodráití ag teastáil ón gcorp



Le príomhfhoinse fuinnimh a chur ar fáil ☐

Le cnámha láidre agus fiacla sláintiúla a chothú ☐

Le cealla sa cholainn a dheisiú ☐

**13.** Is é a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)

Comhairle dlí agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine a cúisíodh i gcoir ☐

Cinneadh a dhéanamh an gá duine a ionchúiseamh as coir a dhéanamh ☐

Coireanna a fhiosrú ☐

**14.** I dteach atá ar cíos, cé atá freagrach as Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a íoc?

An tionónta atá ina c(h)ónaí sa teach ☐

An tiarna talún – úinéir an tí ☐

An t-údarás áitiúil ina bhfuil an teach lonnaithe ☐

**15.** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar spreagthaigh uile iad?



| | | |
|---|---|---|
| Caiféin<br>Nicitín ☐<br>Táibléad suain | Nicitín<br>Hearóin ☐<br>Caiféin | Cócaon<br>Caiféin ☐<br>Nicitín |

## *Roinn C* (45 marc)

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **THRÍ** CHEIST

Caithfidh tú c**eist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

### Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte (15 mharc)

**1.**

**AN CEARRBHACHAS – UALACH NUA AR AN TSOCHAÍ**

Is fadhb mhór é an cearrbhachas i measc déagóirí agus tá méadú suntasach ar an líon atá ag teacht le cabhair a fháil in ionaid chóireála andúile. Fadhb mhór anois is ea an chaoi a bhfuil fáil éasca ar an gcearrbhachas agus mar thoradh air seo tá athrú ar aoisghrúpa an ghnáthdhuine a fhreastalaíonn ar ionaid chóireála. Is féidir teacht ar an gcearrbhachas ar fhón cliste 24/7 mar sin tá fáil an-éasca air agus déantar margaíocht mhaith air. Ní hamháin go bhfuil an cearrbhachas ar líne ag dul i méid, ach tá méadú tagtha ar líon na siopaí geallghlacadóra freisin. Tá siopaí geallghlacadóra i mórán gach sráidbhaile na laethanta seo, agus uaireanta oscailte breisithe acu thar a sé a chlog nuair a dhúnaidís go traidisiúnta.
Tá comhlachtaí geallghlacadóra ag díriú ar mhná óga tríd an gcearrbhachas a thabhairt isteach ar sheónna ar nós *X Factor* agus *Strictly Come Dancing*.

Deich nó cúig bliana déag ó shin bhíodh an gnáthdhuine a d'fhreastail le cóir leighis a fháil daichead nó caoga bliain d'aois. Anois feicimid go leor nach bhfuil ach ocht nó naoi mbliana déag d'aois. Is é an difear mór inniu ná é a bheith ar fáil go réidh. Is é is dóichí ná go nglacfaidh sé roinnt blianta sula bhfeicfear tionchar iomlán bhorradh reatha na suíomhanna gréasáin geallghlacadóra ina iomláine. Cuireann nósanna cearrbhachais na cearrbhaigh go mór i mbaol. Níl ar a n-aird ach an chéad bhua mór eile agus conas a réiteoidh sé seo gach rud. Má bhuann siad déanann siad é seo a cheiliúradh trína thuilleadh cearrbhachais a dhéanamh. Léiríonn an taighde go bhfuil rátaí féinmharaithe níos airde ceangailte leis an gcearrbhachas ná le haon andúil eile, mar sin tá an-chuid éadóchais ann. Dúradh i staidéar a rinneadh le déanaí go bhfuil 40,000 duine in Éirinn a bhfuil andúil acu sa chearrbhachas.

(a) Cén fáth ar fadhb mhór í anois an andúil sa chearrbhachas i measc déagóirí, dar leat? (1 mharc)

_______________________________________________

_______________________________________________

(b) Lasmuigh den fhéinmharú agus de na fiacha, tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb eile a bhíonn ann de bharr andúile sa chearrbhachas. (2 mharc)

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

**2.** (a) Cé acu ceann den dá fhreagairt thíos atá treallúsach? (cuir tic ✓ le do rogha) (1 mharc)

**A** ☐




**B** ☐




(b) Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach tú féin a iompar go treallúsach agus brú piaraí ort. (1 mharc)

_______________________________________________

_______________________________________________

**3.** (a) Caithreachas a thugtar ar an am nuair a éiríonn buachaillí agus cailíní aibí agus nuair a bhíonn siad in ann atáirgeadh. Luaigh athrú amháin a tharlaíonn do bhuachaillí **nó** athrú amháin a tharlaíonn do chailíní le linn caithreachais. (1 mharc)


Buachaillí: ______________________________________________

______________________________________________

Cailíní: ______________________________________________

______________________________________________

(b)




Lasmuigh dóibh siúd thuas, luaigh **dhá** rogha stíl mhaireachtála, ba chóir do bhean atá ag iompar a dhéanamh chun a leanbh neamhbheirthe a chosaint. Mínigh cén fáth ar chóir di na roghanna seo a dhéanamh. (2 mharc)

Rogha stíl mhaireachtála: ______________________________________________

Mínigh: ______________________________________________

______________________________________________

Rogha stíl mhaireachtála: ______________________________________________

Mínigh: ______________________________________________

______________________________________________

(c)

**Tá sé tábhachtach do dhéagóirí roghanna sláintiúla agus eolacha a dhéanamh faoi chaidrimh ghnéis agus faoi fhrithghiniúint.**

Seachas toircheas neamhphleanáilte, déan cur síos ar iarmhairt **amháin** eile de bharr drochroghanna a dhéanamh faoi chaidrimh ghnéis agus faoi fhrithghiniúint. (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**4.**

**Drochíde teaghlaigh – *'an choir is daonlathaí de na coireanna uile'***

Cuirtear síos ar dhrochíde teaghlaigh mar '*an choir is daonlathaí de na coireanna uile*', toisc go bhféadfadh sé tarlú do dhuine ar bith i gcaidreamh pearsanta. Ní d'aon chineál ar leith duine a tharlaíonn sé. Cuireann drochíde teaghlaigh isteach ar dhaoine is cuma cén aois, inscne, stádas pósta, eitneacht, reiligiún nó cúlra socheacnamaíoch atá acu. Cuimsíonn sí ionsaí fisiciúil, cruálacht, íde béil agus ionsaí gnéasach. Is iomaí miotas a bhaineann le drochíde teaghlaigh: ceann acu is ea an tuairim go ndearna an t-íospartach rud éigin ar bhealach éigin leis an drochíde a spreagadh. Ar an gcaoi seo, bogtar an milleán ón drochíditheoir go dtí an t-íospartach. Glacann roinnt daoine leis gur féidir an drochíditheoir a aithint go héasca agus gur chóir go mbeadh sé de chiall ag a bpáirtí gan a bheith bainteach leo. Go minic, léireoidh drochíditheoirí cineálacha an-éagsúil iompair go poiblí. Fágann sin gur féidir leis a bheith deacair ag íospartaigh cabhair a lorg toisc go mbíonn faitíos orthu nach gcreidfear iad. Is minic a fhiafraíonn daoine cén fáth nach n-imíonn an duine a bhfuil drochíde á tabhairt air/uirthi. Ní bhaineann aon duine taitneamh as bheith á b(h)ualadh, ná as bagairt agus náiriú ina t(h)each féin. Fanann daoine le páirtithe a thugann drochíde dóibh mar go mbíonn sé an-deacair orthu imeacht.

(a) Mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh go mbeadh sé an-deacair ar dhuine páirtí a thugann drochíde di/dó a fhágáil. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(b) Ainmnigh eagraíocht dheonach a chuireann cabhair agus tacaíocht ar fáil do dhuine atá i gcaidreamh drochíde. (1 mharc)

______________________________

**5.**

**Críochnaíonn nach mór pósadh amháin as gach deich gcinn in Éirinn le scaradh nó colscaradh ach tá an ráta colscartha is ísle san Eoraip ag Éirinn.**

Nuair a dhéanann lánúin iarratas ar cholscaradh ní mór dóibh ceithre dhoiciméad a chur isteach chuig an gCúirt Chuarda:

- Foirm iarratais
- Ráiteas acmhainne faoi mhionn
- Ráiteas faoi mhionn maidir le leas na leanaí
- Doiciméad a dheimhníonn gur cuireadh comhairle ar an lánúin maidir le roghanna eile seachas colscaradh

(a) Luaigh **dhá** rogha eile seachas colscaradh a d'fhéadfadh lánúineacha a chur san áireamh. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Luaigh toradh **amháin** a thagann ar theaghlaigh mar gheall ar chliseadh pósta. (1 mharc)

______________________________


______________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

## Ceist C2: Mo Phobal (15 mharc)

**1.** Tugann rialtais faoi dhaonáireamh le líon na ndaoine atá ina gcónaí i dtír a ríomh agus eolas eile faoi na daoine seo a bhailiú. Tá na tuairisceáin teaghlaigh ó dhaonáirimh na hÉireann 1901 agus 1911 foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is féidir féachaint orthu ar shuíomh gréasáin Chartlann Náisiúnta na hÉireann. Ciallaíonn sé seo má bhí do theaghlach ina chónaí in Éirinn le linn na tréimhse seo tá foirmeacha daonáirimh ar fáil duit chun féachaint orthu ar líne.

National Archives — An Chartlann Náisiúnta




(a) Seachas insint dúinn cé mhéad duine a bhí ina gcónaí i do cheantar san am a chuaigh thart, cén t-eolas eile a bheadh i ndaonáireamh faoi stair do phobail? (1 mharc)

_______________________________________________

(b) Luaigh blúire **amháin** eolais a d'inseodh an daonáireamh do dhuine faoina t(h)eaghlach san am a chuaigh thart. (1 mharc)

_______________________________________________

(c) Lasmuigh de thuairisc daonáirimh, ainmnigh foinse phríomhúil (bunfhoinse) **amháin** eile a thugann eolas faoi do phobal agus do theaghlach san am a chuaigh thart. (2 mharc)

Do phobal: _______________________________________________

Do theaghlach: _______________________________________________

**2.** DISCOVERIRELAND.IE

ÁITEANNA LE DUL | RUDAÍ LE DÉANAMH | ÁITEANNA LE FANACHT

Is é aidhm *Discover Ireland* tacú le tionscal na turasóireachta in Éirinn agus é a chur chun cinn. Ar shuíomh gréasáin *Discover Ireland* tá eolas maidir le lóistín, gníomhaíochtaí, imeachtaí, taitneamhachtaí turasóireachta agus tairiscintí speisialta do shaoire in Éirinn. Cuireann sé Éire chun cinn mar áit le haghaidh laethanta saoire trí mhargaíocht a dhéanamh agus tá líonra d'ionaid eolais turasóireachta á bhainistiú aige ar fud na tíre a thugann cabhair agus comhairle do chuairteoirí.

(a) Dá mbeadh do cheantar á fhógairt agat ar *discoverireland.ie* luaigh **dhá** thaitneamhacht, ghníomhaíocht nó imeacht a spreagfadh turasóirí le cuairt a thabhairt ar do cheantar. (2 mharc)

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

(b) Luaigh **dhá** mhodh ina bhféadfadh turasóirí taisteal chuig do cheantar seachas dul i gcarr. (2 mharc)

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

**3.**

**COSC AR FUD NA TÍRE AR GHUAL TOITEACH A ÚSÁID FÓGARTHA AG AN RIALTAS**


Tá cosc cheana féin ar mhargaíocht, díolachán agus dáileadh breosla bhiotúmanaigh ('gual toiteach') i bhfiche a cúig baile agus cathair ar fud na tíre. Léiríonn taighde go bhfuil na mílte beatha sábháilte mar thoradh ar an gcosc ó tugadh isteach é. Thairis sin, spreag an cosc líon mór sealbhóirí tí chun athrú ó bhreoslaí soladacha go gás agus ola atá níos éifeachtaí agus nach bhfuil chomh truaillitheach sin. Na húdaráis áitiúla a chuireann na rialacháin i bhfeidhm. Má bheirtear ar dhuine agus an cosc á shárú aige/aici, beidh uasmhéid de €5,000 mar fhíneáil air/ uirthi.

(a) Lasmuigh den údarás áitiúil, ainmnigh eagraíocht **amháin** a chabhraíonn leis an timpeallacht (comhshaol) a chosaint i do phobal. (1 mharc)

(b) Cuir síos go hachomair ar obair na heagraíochta seo. (1 mharc)

**4.**

**DÉANTAR GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH A CHATAGÓIRIÚ MAR PHRÍOMHÚIL, TÁNAISTEACH NÓ SEIRBHÍS.**




(a) Ainmnigh gníomhaíocht eacnamaíoch de chineál **amháin** i do cheantar seachas iad siúd atá luaite thuas. Luaigh cén chatagóir lena mbaineann sí. (1 mharc)

Gníomhaíocht eacnamaíoch: ____________________

Catagóir: ____________________

(b) Cén fáth a bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch seo lonnaithe i do cheantar, dar leat? (1 mharc)

(c) Luaigh **dhá** chúis eile a dtosódh tionscal nó gnólacht i do cheantar áitiúil. (2 mharc)

1. ____________________

2. ____________________

**5.** Conas is féidir le pobal tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch ina cheantar? (1 mharc)

## Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha (15 mharc)

**1.**

**REACHTAÍOCHT UM CHUÓTA INSCNE**



Fágann an reachtaíocht um chuóta inscne a ritheadh i mí Iúil 2012 nach mór gur mná iad 30% de na hiarrthóirí a chuireann na páirtithe polaitíochta chun cinn i dtoghcháin. Iarracht is ea an reachtaíocht um chuóta inscne chun líon na n-ionadaithe ban sa Dáil a mhéadú. Is fir is mó a bhí i réim i bpolaitíocht na hÉireann agus is beag bean a roghnaigh í mar ghairm bheatha. Ní athróidh an staid seo mura bhfaigheann mná an spreagadh agus an tacaíocht chuí chun iad a chumasú le bheith ina n-ionadaithe polaitíochta.

(a) An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an Reachtaíocht um Chuóta Inscne? Mínigh. (1 mharc)

Aontaím ☐ Easaontaím ☐ (cuir tic ✓ le do rogha)

Mínigh: ______________________________

______________________________

(b) Luaigh **dhá** rud a éilítear ar dhuine le bheith mar iarrthóir in Olltoghchán in Éirinn. (2 mharc)

1. ______________________________
2. ______________________________

**2.**



Rugadh Malala Yousafzai ar an 12 Iúil 1997 sa Phacastáin. Bhí scoil á reáchtáil ag a hathair agus bhí sé aitheanta mar dhuine a bhí go mór ar son cúrsaí oideachais. Labhair sé amach i gcoinne iarrachtaí an Talaban chun oideachas a shrianadh agus cailíní a chosc ó dhul ar scoil. Bhí an paisean céanna don fhoghlaim ag Malala is a bhí ag a hathair agus ba bhreá léi dul ar scoil. In 2009, thosaigh Malala ag scríobh blag do sheirbhís Urdúise an BBC maidir leis an imní a bhí uirthi go n-ionsófaí a scoil. Bhí cosc ar an teilifís agus ar cheol, bhí cosc ar mhná ó dhul ag siopadóireacht agus ansin dúradh leo go raibh ar a scoil dúnadh síos. Faoi 2011 bhí aithne mhór ar Malala. Mar gheall ar an gcion a bhí ag daoine uirthi agus mar gheall ar ghean an phobail náisiúnta uirthi mar fheachtasóir ar son an oideachais shocraigh ceannairí an Talaban í a mharú.

Ar an 9 Deireadh Fómhair 2012 agus í ag taisteal abhaile ón scoil lámhachadh Malala le piléar amháin trína cloigeann, a muineál agus a gualainn. Gortaíodh beirt dá cairde san ionsaí freisin. Cáineadh iarracht an Talaban Malala a mharú ar fud an domhain agus spreagadh agóidí dá barr ar fud na Pacastáine. Sna seachtainí i ndiaidh an ionsaithe, shínigh níos mó ná 2 mhilliún duine achainí um cheart ar oideachas a fháil, agus dhaingnigh an Tionól Náisiúnta an chéad Bhille um Cheart ar Oideachas Saor in Aisce agus Éigeantach sa Phacastáin.

Rinneadh tathantóir domhanda de Malala agus í ag labhairt amach ar son na milliún cailíní ar fud an domhain a raibh oideachas foirmiúil á cheilt orthu mar gheall ar thosca sóisialta, eacnamaíochta, dlí, agus polaitíochta. Ar an 10 Nollaig 2014 fuair sí Duais Nobel na Síochána in éineacht le Kailash Satyarthi agus ba í an buaiteoir ab óige riamh a bhuaigh an duais.

(a) Cén fáth ar shocraigh ceannairí an Talaban Malala a mharú? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Nuair a dúnadh a scoil, ceileadh an ceart ar oideachas ar Malala agus ar na páistí eile ina pobal. Luaigh ceart **amháin** eile a ceileadh ar Malala agus mínigh conas a ceileadh an ceart seo. (2 mharc)

Ceart: ______________________________

Mínigh: ______________________________

(c) Cén fáth a raibh sé tuillte ag Malala go mbronnfaí Duais Nobel na Síochána uirthi? (1 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**3.** (a) Ainmnigh eagraíocht a oibríonn chun cearta daoine in Éirinn a chosaint. (1 mharc)

______________________________________________________________________

(b) Ainmnigh an tsaincheist nó an grúpa a dtugann siad cabhair nó tacaíocht dó/di/dóibh. (1 mharc)

______________________________________________________________________

(a) Cuir síos ar bhealach **amháin** ina mbíonn tionchar dearfach ag an eagraíocht seo ar an tsaincheist nó ar an ngrúpa daoine a ainmníodh. (1 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**4.**

Na Meáin Shóisialta | Baghcatáil | An Raidió Áitiúil

Ciallaíonn abhcóideachta oibriú chun go gcloistear glór daoine. Bíonn ar a lán grúpaí agus eagraíochtaí deonacha oibriú mar abhcóidí ar son daoine nach féidir leo troid ar son a gceart féin. Tá dhá bhealach ann leis seo a dhéanamh, go príomha; an chéad cheann acu ná an fheasacht phoiblí faoi shaincheist a mhúscailt agus an dara ceann ná stocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoirí.

Achainí | Cruinniú Poiblí | Preasráiteas

(a) Roghnaigh modh **amháin** a d'fhéadfadh eagraíocht a úsáid chun feasacht a fhorbairt maidir le saincheist agus mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh seo a úsáid. (1 mharc)

Modh: ______________________________________________________________

Buntáiste: __________________________________________________________

(b) Cuir síos ar mhodh **amháin** a d'fhéadfadh eagraíocht a úsáid chun stocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoir faoi shaincheist. (1 mharc)

Modh: ______________________________________________________________

Cuir síos: __________________________________________________________

______________________________________________________________________

**5.**

Seirbhís Chúirteanna na hÉireann

☐ Cruinniú iata | Athchurtha faoi choimeád ☐

☐ Cás dlí shibhialta | An Chúirt Dúiche ☐

☐ Oifigeach Idirchaidrimh Óige | Giúiré ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na téarmaí a úsáidtear maidir le Seirbhís Cúirteanna na hÉireann agus mínigh cad is brí leis. (2 mharc)

Mínigh: ____________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Ceist C4: Ag Dul i gCúram Ruda** (15 mharc)

**1.** (a)

Léiríonn Teastas um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) feidhmíocht fuinnimh na réadmhaoine. Caithfidh ceann a bheith ag gach teach atá ar díol nó ar cíos.




Cén fáth ar buntáiste é Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) réadmhaoine a bheith ar eolas? (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

(b) Agus teach á cheannach ag duine d'fhéadfadh na téarmaí seo a leanas teacht chun cinn. Mínigh **dhá** cheann díobh. (2 mharc)

Morgáiste

Éarlais 10%

Dleacht stampála

Árachas um chosaint morgáiste

Téarma: ____________________________________

Mínigh: ____________________________________

________________________________________

Téarma: ____________________________________

Mínigh: ____________________________________

________________________________________

**2.**

| IASACHT PHEARSANTA | CÁRTA CREIDMHEASA | FRUILCHEANNACH | RÓTHARRAINGT |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

(a) Roghnaigh agus cuir síos ar cheann **amháin** de na modhanna airgeadais thuas. (cuir tic ✓ le do rogha) (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh seo. (1 mharc)

________________________________________

________________________________________


**3.** Luaigh **dhá** áit ina bhféadfadh duine a fháil amach faoi chóiríocht ar cíos. (2 mharc)

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________

**4.**

Tá ceithre chéim aitheanta ag an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA) chun cabhrú le daoine a gcuid airgid a bhainistiú agus déileáil le fiacha




(a) Roghnaigh **dhá** cheann de na céimeanna thuas agus mínigh gach ceann díobh. (2 mharc)

Céim: ____________________________________________

Mínigh: ____________________________________________

____________________________________________

Céim: ____________________________________________

Mínigh: ____________________________________________

____________________________________________

(b) Roghnaigh **dhá** bhlúire comhairle a thugtar thíos agus luaigh cén fáth a mbeidís mar bhuntáiste do dhuine óg a bheadh ag bogadh amach as an teach sa bhaile. (2 mharc)

| Múch na fearais | Coigil do lá na coise tinne | Cuardaigh an margadh is fearr | Íoc do chíos i gcónaí |
|---|---|---|---|

Comhairle: ____________________________________________

Buntáiste: ____________________________________________

____________________________________________

Comhairle: ____________________________________________

Buntáiste: ____________________________________________

____________________________________________

**5.**

**De réir dlí tá tionóntaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos i dteideal na nithe seo a leanas:**

- Leabhar cíosa
- Príobháideachas
- Cead ag cuairteoirí leo fanacht thar oíche
- Íoschaighdeáin áirithe cóiríochta
- Méid áirithe fógra a fháil faoi chríoch do thionóntachta
- Agóidí a chur ar aghaidh chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP)

(a) Seachas ainm agus sonraí teagmhála an tionónta agus an tiarna talún luaigh **dhá** phíosa eolais nach mór a bheith sa leabhar cíosa. (2 mharc)

1. ____________________

2. ____________________

(b) Tá tú i dteideal *'méid áirithe fógra a fháil faoi chríoch do thionóntachta'*. Mínigh cad is brí leis seo. (1 mharc)

____________________

____________________

(c) Ag deireadh tionóntachta tá an tionónta i dteideal an éarlais a fháil ar ais. Cathain is féidir le tiarna talún, de réir dlí, éarlais tionónta a choimeád? (1 mharc)

____________________

____________________

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN